


# An tEarrach

I ndiaidh dhrochaimsir an gheimhridh bíonn fáilte roimh an Earrach. Uaireanta bíonn an aimsir dona go leor i dtús an earraigh. De ghnáth bíonn sioc agus sneachta ann ach de réir a chéile bíonn an aimsir ag dul i bhfeabhas. Tosaíonn bláthanna an earraigh ag **bláthú.**

An **plúirín sneachta** is túisce a fhásann. Níos déanaí bíonn **lus an chromchinn,** an **sabhaircín** agus an **tsailchuach** le feiceáil.

Tagann fás faoi gach rud. Bíonn an féar sna páirceanna cosúil le **cairpéad tiubh** glas. Tagann **bachlóga** ar ghéaga na gcrann agus sar i bhfad bíonn na duilleoga le feiceáil. Bíonn bláthanna bána ar ghéaga an chrainn úll. Tosaíonn na héin ag canadh arís timpeall na háite.

Is breá bheith ag féachaint orthu ag déanamh a neadacha i gcrainn agus i sceacha. Déanann siad a neadacha de phíosaí féir agus tuí, cipíní agus **caonach.** Bíonn an feirmeoir an-ghnóthach le linn an earraigh.

Ligeann sé amach na beithígh sna páirceanna. Bíonn siad **ag iníor ó** mhaidin go hoíche sna páirceanna glasa. **Leasaíonn sé** an talamh agus cuireann sé síolta na mbarraí. Bíonn **uain** óga ag damhsa ar na **bánta** um an dtaca seo. I gceanntair áirithe bíonn **an tseilg** ar siúl.

Is iontach an radharc iad — na marcaigh, na capaill agus na gadhair. Tagann siad le chéile ag crosbhóthar agus gluaiseann siad ar aghaidh ón áit sin. Bíonn siad ar thóir an tsionnaigh. Ag deireadh an earraigh filleann an chuach agus an fháinleog ó na tíortha teo.

**Leaganacha Samhailteacha:**

1. Tá sé ag tabhairt an fhéir - tá sé marbh.
2. Chuir sé Fáilte Uí Cheallaigh romham - chuir sé fáilte mhór romham.
3. Faoi rothaí na gréine; m/sh., ní fheadar faoi rothaí na gréine cad a tharla., i., níl tuairim dá laghad agam faoi cad a tharla.

## A. Foclóir

**plúirín sneachta,** snow-drop
**lus an chromchinn,** daffodil
**sabhaircín,** primrose
**sailchuach,** violet
**bachlóga,** buds
**caonach,** moss
**leasaíonn sé,** he fertilises
**an tseilg,** the hunt

## B. Scríobh amach an freagra ceart:

1. Cén saghas aimsire a bhíonn ann i dtús an earraigh?
   — aimsir ghrianmhar.
   — aimsir dhona fhuar.
   — aimsir ghaofar.
2. Cad faoi na crainn san earrach?
   — Titeann na duilleoga de na crainn.
   — Tagann bachlóga ar ghéaga na gcrann.
   — Leagann an ghaoth na crainn.
3. Cad de a ndéanann na héin a neadacha?
   — de pháipéar agus d'adhmad.
   — d'iarann.
   — de phíosaí féir agus tuí, cipíní agus caonach.

## C. Críochnaigh na habairtí seo a leanas:

1. De réir a chéile bíonn an aimsir ag dul - -.
2. Tagann fás - - -.
3. Bíonn bláthanna bána ar ghéaga an - -.
4. Bíonn an feirmeoir an-ghnóthach le linn - -.

## D. Cuir na focail seo a leanas in abairtí:

neadacha, ag iníor, leasaíonn sé, bachlóga, ag bláthú, uain óga, an tseilg.

## E. Freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na bláthanna a fhásann san earrach?
2. Cad a dhéanann na héin san earrach?
3. Cén obair a dhéanann an feirmeoir le linn an earraigh?
4. Cá mbíonn an tseilg ar siúl?
5. Cén fáth nach mbíonn na beithígh sna páirceanna i dtús an earraigh?
6. Cé fhilleann ó na tíortha teo ag deireadh an earraigh?
7. Cén fáth a dtaitníonn an t-earrach go mór le gach éinne?

## Gramadach 16

1. Tá ba an fheirmeora sa pháirc.
   Scríobh an fhoirm cheart de na focail idir lúibíní:
   uirlisí (an fiaclóir), mála (an dochtúir), feoil (an búistéir), hata (an múinteoir).
2. Tá Seán **ag léamh an cheachta.**
   ag déanamh (an ceacht), ag piocadh (an bláth), ag bualadh (an buachaill).